C/2026/4249

31.7.2026

Fógra le haghaidh na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas a liostaítear i gCinneadh (CBES) 2026/1882 ón gComhairle lena n-aithbhreithnítear liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas a chumhdaítear le gCinneadh (CBES) 2026/455 ón gComhairle maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1878 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha arna ndíriú ar dhaoine agus ar eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac

(C/2026/4249)

Dírítear aird na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas thuasluaite a liostaítear i gCinneadh (CBES) 2026/1882 ón gComhairle [1] agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1878 ón gComhairle [2] an 30 Iúil 2026 ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh tar éis a chinneadh gur bailí fós iad na cúiseanna lena n-áireamh ar an liosta de dhaoine, grúpaí agus eintitis a chumhdaítear leis na bearta in Airteagal 2 de Chinneadh (CBES) 2026/455 ón gComhairle [3], agus i Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 ón gComhairle [4] an 27 Nollaig 2001 maidir le bearta sriantacha sonracha arna ndíriú ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac. Dá bhrí sin, tá cinnte ag an gComhairle na daoine, na grúpaí, agus na heintitis sin a choinneáil ar an liosta.

Le Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 an 27 Nollaig 2001, foráiltear gur féidir gach ciste, gach sócmhainn airgeadais, agus gach acmhainn eacnamaíoch eile dá bhfuil ag na daoine, na grúpaí, agus na heintitis sin a reo, agus nach ceadmhach aon chistí, sócmhainní airgeadais ná acmhainní eacnamaíocha eile a chur ar fáil dóibh, go díreach ná go hindíreach.

Tugtar ar aird na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit nó na mBallstát ábhartha mar a liostaítear iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán d'fhonn údarú a fháil cistí reoite a úsáid chun bunriachtanais nó íocaíochtaí sonracha a chumhdach, i gcomhréir le hAirteagal 5(2) den Rialachán sin.

Féadfaidh na daoine, na grúpaí agus na heintitis lena mbaineann iarraidh a chur isteach chun ráiteas ar chúiseanna a bhfuiltear fós á n-áireamh nó á gcoinneáil ar an liosta thuasluaite a fháil ón gComhairle (murab é gur cuireadh an ráiteas ar chúiseanna sin ar fáil cheana féin dóibh). Is ceart aon iarraidh mar sin a chur chuig an seoladh seo:

Comhairle an Aontais Eorpaigh (Faoi chúram: ainmníochtaí COMET)
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Féadfaidh na daoine, na grúpaí agus na heintitis lena mbaineann, tráth ar bith, iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chuig an seoladh thuas, mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta, go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcinneadh iad a chur agus a choinneáil ar an liosta. Déanfar na hiarrataí sin a mheas ach a bhfaighfear iad. I ndáil leis sin, tugtar ar aird na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas lena mbaineann go ndéanann an Chomhairle athbhreithniú rialta ar an liosta i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 agus le hAirteagal 10(1) de Chinneadh (CBES) 2026/455. Chun gur féidir iarrataí a mheas faoin gcéad athbhreithniú eile, ní mór iad a thíolacadh faoin 21 Meán Fómhair 2026.

(1) IO L, 2026/1882, 30.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1882/oj.
(2) IO L, 2026/1878, 30.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1878/oj.
(3) IO L, 2026/455, 26.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/455/oj.
(4) IO L 344, 28.12.2001, lch. 70.

Tugtar ar aird na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas lena mbaineann gur féidir agóid a thabhairt os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh in aghaidh a n-ainmnithe, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 263(4) agus (6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.